

FAOI GHLAS

CHUIG NUACHT BAILE MAC GEARAID MAC SIACAIS
ANDAIR. (AYDOWNS) C. ME. COGAINN H BLOC 3

A CHUIG TÁ NA SCORNA DE CHEACHTAINA
MÁSULA FOCHLATHA AGAM LINA OTRINIE ME ISTENI
SIN H BLOC ANNA NEUS CE GUIL FIG CE MÉR. AG A
CHOMHAC. NN AR MUNTAR YO CHECHUATHA. CISEANN
KASPA SPAIC ME. MAR SIN DE, SA LUIA GARDUCC
3A MHAITH LOM GEARMMACHINAM AR NA RUIA A
D'FHOENLAIM ME IAD. OTRINIE TEANCA NE BASCUA
NA NEAM, SIE AN P. LATHA NA GUIL FHOENLAIM
ME AN CHUIA GHAIR. SIE A SUIA SUIA. A
AN UTRIL SEO FEIN. NI LAIAH FOAL AR BITH AGAM
AR THOUGHT USTRACH. F. GEARMACHINAM NEUS
HUC. S TREIS YRT GEARMACHINAM. F. AN CHUIA
COMH CHUIA NA SUIA. ANNAH AGAM. SIE AN
SCAL CEANNA AR FOM H BLOCANNA 3, 4, 5, 6 (SIN
IND BLOCANNA FIK NA PLUIDE). D'FHOENLAIM AGAM
FOM D'FHOENLAIM AGAM NEUS NI RAIGH AGAM
AR BITH INAR BHFHISHAR. NI RAIGH LEABHAR
ME AGAM DUA LEITHED. AGAM, BHMIS AGAM
BHMIS FOM GLAS INAR GUILIN. CE. THAL. HUAIR
IS FICHE GACH LA, KINNE AGAM B. G. NN NA
BAIDHINT A NUIC. HUAIR S. THAL. CHUIA LUIS AN
TEANCA U. D'FHOENLAIM MAR A LUNNE RACH AN CHALL
C SCAL FIK'S H. H. H. (L. TH) KEAN SIN DE
D'FHOENLAIM. NI. BHFHISHAR. INAR AN IN-

AG GAILL

AS

AN

NGÉIBHEANN



A chairde,

Sa leabhrán seo tá rogha de shleachta as litreacha a chuir príos-únaigh pholaitiúla Phoblachtacha amach, faoi choim, as na Blocanna H.

Seoladh na litreacha seo chuig eagraisí agus daoine éagsúla le tacaíocht dá n-éilimh a iarraidh agus lena gcás a mhíniú. I measc na scríbhneoireachta bailithe anseo, tá aiste prósuil 'Cosicéim Amháin ón Uaigh' agus dhá dhán a chum Roibeárd Ó Seachnas-aigh (Bobby Sands). Fosta tá sliocht as alt a scríobh an t-Athair Réamonn Ó Muirígh ar 'Uafáis Bhloc H.'

Tugtar faoi deara an Ghaeilge bhreá atá sna litreacha, agus an machnamh atá taobh thiar de na smaointe - rud a léiríonn nach coirpigh iad na fir seo, ach fir a chreideann go diongbhálte i saoirse agus i ndínit a muintire féin.

Traoslaímid le fir óga Bhloc H agus le mná óga Ard Mhacha as a gcrógacht agus a bhfadfhulaingt. Iaraimid ar Ghaeil seasamh anois, guala ar ghualainn, leis na príosúnaigh pholaitiúla go raibh stádas polaitiúil bainte amach acu.

Is sinne le meas,

GAEIL BHÉAL FEIRSTE IN ÉADAN H- bhloc agus ard mhacha.

Coiscéim Amháin ón Uaigh

B'fhíor é a rá gur uaigh é de thairbhe nach dtig leat a éalú agus bíonn timpeallacht eagla agus fulaingt ann i gcónaí. Is uaigh carraig bheag é seo! Agus níl ach tocht fliuch salach, dhá phlúid stróctha, próca uisge is pota múin ann.

Comh maith le sin bíonn boladh gránna san aer i gcónaí ón bhruscar lofa, cac is mún, atá ina luí ar an urlár in aice liomsa. Bím ag fánacht i gcónaí ar an doras trom iarainn ag oscailt. Na diabhair á nochtadh!

Na diabhair a bhuaileann na hanamacha bochta anseo is a chuireann brú orainn is a gcosa ar ár mbolg gan scíth nó sos gach lá. Tugtar

cillín ar an uaigh seo agus is mise atá ceann de na h-anama bochta a bhíonn ag iarraidh a tarú i gceann amháin ann. I rith an lae ní bhíonn faic le deánamh ach amháin a' siúl timpeall m'uaigh bheag, ach tigeann tuirse orm-sa go han-fhurast. Is fada an lá gur shuidh mé faoin spéir ghorm nó ó chonaic mé an ghrian a' soilsiú. Caithfidh mé a rá gur beag nach mbriseann sé mo chroidhe nuair a chluinim an fhuiseog a' canadh ard sa spéir gach maidin luath de thairbhe nach ligeann na diabhair mé nó na h-anama bochta eile amuigh as ár n-uaigheanna. Éiríonn tuirse mór orm-sa i ndiaidh gach lá fada. Tá mo chorp comh bán le taibhse is mó shúilí chomhair a bheith ina

de thairbhe nuair a gheibhim mo chuid bídh, bíonn sé fuar is gann. Ach fiú amháin dá mbíodh sé so-ite ní bhéinn ábalta an chuid is mó a ithe leis an bholadh gráinne is an bruscar a bhíonn ina luí ar an urlár in aice liom-sa.

Ba bheag nach bhfuair muid ár mbás leis an fhuacht i rith an ghéimhridh seo caite nuair a bhí an sneachta is fliuchshneachta is fearthainn a' cur trí shlaití iarainn na fuinneoige orainn. Sin a' t-am go rabhamar lom tar nocht inár suí sa chlúid a' creathadh leis an fhuacht mhór. Thig liom-sa a rá nárbh fhada gur thuig muid an chiall cheart ar geimhreadh deacair, fada. Bíonn sé comh dona sa tsamhradh nuair a bhíonn d'uaigh comh te le h-oigheann is deacair anáil aer úr a fháil leis an bholadh lofa a éiríonn níos measa leis an teas mhór. Nuair a mhúsclaíonn tú gach

2 suí ar mo leicinn bhána. Tá mo chuid gruaige is mo fhéasóg go han-fhada agus tá gach ribe acú salach ar fad. Caithfidh mé a admháil go bhfuil uaireanna go mothuighim cosúil le francach, is leis an fhírinne a h-innsint comh maith le sin go bhfuil cuma na taibhse orm-sa. Táim lom tarocht de thairbhe gur baineadh mo chuid éadaigh díom fad ó shoin. Ghlac na diabhair dá rabh agam ach mo smaointí féin. Tá an lá go han-fhada ar fad agus anois is arís tchítear domh nach bhfuil aon deireadh ann. Níl faic le léamh nó le deánamh agam-sa. Tá mo smaointí beagnach dóite amach agus tigeann díomá orm-sa nuair a smaoinín ar mo chlann féin taobh amuigh. Is furast dearmad a dheánamh go bhfuil saol eile taobh amuigh den áit uafásach seo.

Bíonn fonn an domhain orm i gcónaí a bheith ábalta béile te maith a ithe arís, is fada an lá go ndearna mé sin. Anois bheadh an t-ádh liom da bhfaighinn cupán tae te láidir. Táim i ndáiríre nuair a deirim go bhfuilim a' fáil bháis de'n ocras gach lá

4 maidin bíonn a lán cruimheanna is cuileoga ar do chorp tarocht agus i measc do chuid gruaige is féasóige. Lámhaicíonn siad as a' bhruscar i lár na h-oidhche go dtí do leaba agus lámhaicíonn siad tharat i rith na h-oidhche. An gcaithfidh mé a rá go mbaineann sé preab an domhain asat nuair a osclaítear do shúilí a leithéid seo a fheiceáil?

Ach ní stadfaidh a leithéid seo ná an bhrúid-ealach na rudaf uafásacha eile sinne a bheith cad atá ionainn. Tá cuspóir againn, sé sin aitheantas mar chimí cogaidh a bheith tugtha orainn - sin atá ionainn! Agus ní chuirfidh aon diabhal nó líon daoiní eile malairt air sin, go h-áirid coimheadóirí is údaráis na h-áite seo. Iarraíonn siad ár spiorad a bhriseadh ach ní bhrisfeair an spiorad poblachtach. Agus, rud amháin eile - b'fhéidir nach bhfuil aon uaigheanna anseo (fós) ach níl aon ifrionn níos measa ná an ifrionn seo, sé sin na Blocanna H, an Cheis Fhada.

**MARCELLA, Cime Cogaidh,
Bloc H.**

[Ainm cliste Roibeáird Uí Sheachnasalgh]

NÁ BÍGÍ I BHUR SUAN

Chuig Gaeil Bhéal Feirste 2ú Aibreán 1981

Le breis agus ceithre seachtain anois tá fear sna Blocanna H sa Cheis Fhada ar stailc ocras chun báis le go mbaintear amach céimíocht pholaitiúil dó-san agus dá chomrádaithe uile sna Blocanna agus i bpríosún Ard Mhacha.

Roibeárd Ó Seachnasaigh is ainm dó agus tá sé in aois a sheacht mbliana is fiche.

Rugadh Roibeárd Márta 9 1954, an dara páiste de chlann ceathair - beirt bhuachaill agus beirt chailín. Nuair a bhí sé fós ina dhéagóir rinne sé ceangal le gluaiseacht na hÉireann agus tamaillín ina dhiaidh sin rinneadh óglach de chuid Óglaigh na hÉireann de. I Mí Dheireadh Fómhair 1972, agus é ag obair ina óglach, rugadh air i mbaile Lios na gCearrbhach le ceithre ghumna. Cuireadh cúis ina aghaidh agus ansin gluaiseadh é chuig Campa Géibhinn na Ceise Fada ar coimhead agus i Mí na Nollag chuig príosún Bhéal Feirste. Sa dá áit bhí 'aitheantas' mar chime polaitiúil aige mar bhí cuid de na cimí poblachtacha tar éis an chéimíocht pholaitiúil sin a bhaint amach de chimí poblachtacha gafa eile i ndiaidh stailc fhada ocras i bpríosún Bhéal Feirste i lár 1972.

Daoradh chun cúig bliana é i Márta 1973 agus gluaiseadh ar ais chuig an Cheis Fhada é, áit ar chaith sé breis is trí bliana sna cásanna mar chime polaitiúil. Le linn dó bheith ann chaith Roibeárd a chuid ama ag foghlaim a theanga dhúchais agus ag déanamh staidéir ar cheol, ar fhinscéalaíocht agus ar stair bhrónach na hÉireann. I ndeireadh na tréimhse seo aithníodh an cumas a bhí aige mar fhile agus scríbhneoir maith



● BOBBY SANDS

agus spreagadh é chun dánta agus altanna a scríobh sa nuachtán campa 'An Giolla.' Giall.'

Scaoileadh saor Roibeárd as na cásanna i mBealtaine 1976 agus láithreach chuaigh sé ar ais ar a chuid oibre ar son gluaiseacht na Poblachta; ach ní raibh sé i bhfad gur rugadh air arís ar Dheireadh Fómhair 14 - cothrom an lae, ceithre bliana roimhe sin, nuair a gabhadh é an chéad uair. Cuireadh cúis ina aghaidh as gunna a bheith ina sheilbh agus cuireadh ar ais chuig príosún Bhéal Feirste é. Ach

an uair seo ní raibh céimíocht pholaitiúil ag Roibeárd nó ag a chuid comrádaithe. Ón chéad lá de Mhárta 1976 cuireadh céimíocht pholaitiúil ar ceal ag Rialtas Shasana a dúirt anois gur 'gnáth-choirpigh' iad na cimí poblachtacha.

D'fhan Roibeárd ann gur daoradh chun 14 bliana é i Meán Fómhair 1977 agus ansin gluaiseadh chuig an Cheis Fhada é go dtí na Blocanna H. Nuair a bhain sé na Blocanna amach d'ordaigh na bairdeirí do Roibeárd éadaí carcach a chaitheamh agus obair charcraich a dhéanamh. Dhiúltaigh sé ar nós a chomrádaithe eile a chuaigh roimhe agus dá bhrí, cuireadh é leo a bhí ar 'agóid phluide' chun céimíocht pholaitiúil a athbhaint amach. Tosaíodh ar an agóid phluide i Meán Fómhair '76 nuair a daoradh an chéad phoblachtach tar éis don rialtas céimíocht pholaitiúil a chur ar ceal.

Ina Oifigeach Caidrimh Phoiblí, thosaigh Roibeárd ar an nóiméad ag scríobh faoi staid na gcimí sna príosúin agus ag cur ráiteas amach chuig éinne a d'éistfeadh le glaonna bróin na gcimí, in Éirinn agus thar sáile. Chuir sé tús le ranganna Gaeilge agus is uaidh-sean a d'fhoghlaim muidinne an chuid is mó den teanga atá anois againn agus ní raibh leabhar nó rud ar bithe eile chun cuidiú leis. I rith an ama seo fosta chum sé mórán dánta is amhrán agus, mar bhí ina amhránaí, is iomaí oíche shuaimhneach a chaith muid ag éisteacht lena ghlór binn. Chualathas ar fud an sciatháin é mar chan sé an doras amach.

De bhar na gcoinníollacha anseo - táimid faoi ghlas an t-am ar fad - chuir mé aithne ar Roibeárd sula bhfaca mé é. Ag tús na stailce ocrais anuraidh rinneadh

oifigeach ceannais ar na Blocanna uile de Roibeárd agus rinne sé a sheacht ndícheall chun teacht chun réitigh leo. Áfach, ní raibh siad toilteanach a roinnt féin den mhargadh a rinneadh ag deireadh na stailce ocrais, a chomhlíonadh. Tar éis seo uilig thuig Roibeárd go rabhamar ar ais sa suíomh chéanna agus a bhíomar roimh an stailc agus gan rogha againn ach chun dul ar stailc ocrais arís.

Thosaigh an stailc ocrais ar an chéad lá de Mhárta agus ní bheidh deireadh léi go mbainfear amach céimíocht pholaitiúil. Tuigeann Roibeárd go ró-mhaith gur dócha, nach mór, go bhfaighfidh sé bás agus dá bhrí sin ní ligfeadh sé d'éinne a bheith ina theannta ag tús na stailce. Tá sé toilteanach a shaol a leagan síos ar ár son uile sna Blocanna H agus príosún Ard Mhacha. Níl muidne in ann faic a dhéanamh mar a théann sé chun báis go mall ach impí ar achan duine a thig linn chun cuidiú leis.


Is é seo impí ó dhuine dá chuid comrádaithe sna Blocanna H - duine a bhfuil bród an domhain air a bheith in aithne ar Roibeárd; duine atá an-bhuíoch de as an sár-obair a rinne agus atá sé fós a dhéanamh ar mo shon-sa ar ár son uile. Ní féidir liom ach a rá libh-se, muintir na hÉireann le m'anam iomlán, gan a bheith in bhrú suan mar a théann an laoch Gaelach seo chun báis ar stailc ocrais i gcampa géibhinn Sasanach ar thalamh na hÉireann.

Go dtuga Dia neart agus sólas dó agus go dtuga Sé an bua dó.

Is mise le meas,
LABHRÁS MAC EOIN,
Cime Poblachtach,
H-Bloc 6, An Cheis Fhada.

'Nach te an teangaidh an Ghaedhilg istigh annseo eadar ballaí fuara - an teangaidh a d'fhalbhir agus a d'fhás agus a tháinig i méadaidheacht i dtír nach raibh príosún ar bith ariamh!'

SEOSAMH MAC GRIANNA



FOGHLAIM NA GAEILGE

A Chara,

Tá áthas orm an litir seo a scríobh agus, ó tá mé ag scríobh i nGaeilge, is dócha gur chóir dom scríobh faoin teanga.

Nuair a tháinig mé ar an phluid i '77 thosaigh mé ag foghlaim Gaeilge gach seans a fuair mé. Ba dheacair é a dhéanamh, ní raibh aon leabhair againn ná aon áit chun scríobh, ach i ndiaidh tamaill fuairamar amach go dtiocfadh linn scríobh ar an tábla. Mar sin bhí an chéad rang ar siúl.


Ba ghnáth leis na coimheadóirí na cillíní a chuardadh i gcónaí agus scríos siad aon Ghaeilge a fuair siad inár gcellíní. Bhí orainn an Ghaeilge a fhoghlaim chomh luath is a fuairamar í, dá bhfágtá timpeall sa chillín í, ní bheadh sí agat i bhfad. Cé go raibh sé an-deacair a dhéanamh, níor chuireamar stad leis an rang.

Timpeall Mí Lúnasa '77 thosaigh na coimheadóirí ag tabhairt iriseán dúinn. Ní raibh cead againn ach trí

iriseán a fháil gach mí agus muna raibh siad faoi Dhia, ní bhfuairamar iad. Fuairamar anois is arís an t-iriseán "Ár mBuachaillí" (i.e. Our Boys). Mar atá a fhios agat, is iriseán maith é faoi choinne Gaeilge. Chonaic na coimheadóirí seo agus gan amhras chuir siad stad leo ach gheibhimid iad anois is arís fós. Ní minic é ach má bhíonn coimheadóir maith ann, gheibhimid é ceart go leor. Ní fheictear mórán coimheadóirí maithe na laethanta seo!

Chuala sibh é go léir roimhe, tá mé ag caint faoin salachar, faoi na galair agus araile ach ó thosaigh sé, thosaigh na fir phluid ag foghlaim na teanga níos fearr. Thosaigh ranganna i ngach sciathán agus tá an chuid is mó de na fir anseo ag foghlaim Gaeilge.

Bíonn rang i mo sciathán gach lá tar éis dinnéir. Fágann na coimheadóirí an Bloc faoi choinne a ndinnéir. scairteann an ceannfort "Éistigi" agus bíonn a fhios ag na fir cad tá ar siúl. Fiafraíonn an múinteoir de na daltaí an bhfuil siad réidh agus ansin tosaíonn sé. Muna mbíonn an sciathán os ár geomhair tosaithe go fóill, caithimid fanacht leo mar nach mbíonn cúpla fear ábalta an rang a chluinsint. Bíonn na ranganna againn ag an am céanna i ngach sciathán.



Ogíoch i mBlax H
Aghaidh Seandúine

Táimid réidh le tósú. Téim timpeall ar na fir le fáil amach an bhfuil na daltaí ag an doras. Bíonn sé an-fhuar ag an doras. Caithfidh tú a bheith i do sheasamh ar iriseán nó ar rud éigin cosúil leis sin. Bheirim anois na focail agus scríobhann siad ar an bhalla iad. Má bhíonn aon fhadhbanna acu, cuireann siad ceist orm. Lá amháin sa tseachtain, bíonn rang comhrá agus scéil againn. Ghnímid dánta agus amhráin freisin.

Is trua mór é nach bhfuilimid ábalta ár bhfáinni airgid nó óir a fháil. Is trua é fosta nach bhfuil aon leabhair Ghaeilge againn ach is cuma faoi na leabhair. Más mian leat an teanga a fhoghlaim, ní chuirfidh easpa leabhar stad leat.

Cluineann tú na fir ag labhairt na teanga i gcónaí agus na coimheadóirí! Tchíonn siad í ar an bhalla agus foghlaimíonn siad abairtí anois is arís - ní mórán ach rudaí cosúil le "Coimheadóir sa Chlós" agus "Éistigi". Sileann siad gur fir ghlice iad ach tá a fhios againn an fhirinne.

Cuir i gcás go n-éiríonn go han-mhaith linn ar ball ag foghlaim na teanga, caithfear cuimhneamh nach raibh leabhair ar bith againn agus nuair nach rabhamar ag foghlaim go raibh orainn an Ghaeilge a chur i bhfolach. Má bhíonn aon fhadhbanna againn leis an teanga, fanaimid go dtí an Domhnach nuair a bhímid ábalta an sagart a fheiceáil. Sin ceann de na fadhbanna. Gan leabhair, is féidir go mbeifeá ag fanacht cúpla seachtain leis an freagra a bhíonn tú ag lorg.

Críochnóidh mé anois ar na focail sin agus beidh mé ag scríobh arís go luath.

Mar sin slán go fóill a chairde,

Príosúnach i H 4

28 Eanáir 1979



OCRAS

I

Faigheadh siad bás má's mian leo
- Sin manadh claon na nGall -
Ní thógfaimid lámh le cuidiú leo

Mar ba iad a rinne an feall
Ar an tír a thóg 's a choth-
aigh iad -

An t-oileán glórmhar thall.

II

Faigheadh siad bás má's mian leo

Agus tiocfaidh an t-eág go mall,

Go pianmhar nimhneach fadálach,

(Tá fear acu cheana dall!)

'S is iomaí bás Gaeil a chonaic muid,

Ó tháinig muid anall.

III

Faigheadh siad bás má's mian leo.

Orthu féin atá an locht.
Nár thairg muid éideadh sibhialta dóibh?

(Mar chaitear i dTeach na mBocht)

Ach b'fhéarr leo suí ina gcillíní.

Gan éadaí - lom is nocht.

IV

Faigheadh siad bás má's mian leo.

Tá ár lámha nite glan.
Táimidne neamhchiontach i bhfuil na bhfear.

Agus fós i bhfuil na mban.
Is ná bíodh sé le rá anois ná go brách.

Go raibh muid neamh-
chríostúil teann!

le LIAM MAC CARRÁIN.

SCOIL SCAIRTE



MÍ Meithimh 1980: Litir chulg ball uilig Chumann Chluain Ard

A chairde,

Is ó laistigh de na Blocanna H a thagann an litir seo agus in éineacht leis tá iarratas, mar is féidir gur eol daoibh, leanaimid dár ranganna gan sos agus le díograis, fiú amháin sa staid seo, agus is go mór atá ag éirí linn. Tá cuid mhór de na fir atá ar an chaighdeán ard agus is minic a dhéantar scéalta le linn na ranganna sa sciathán ina bhfuilim.

Anuraidh fuarthas scéal mar gheall ar Phobal Feirste i mBaile Andarsan agus ba mhaith an scéal a bhí ann. Soríobh fear a chónaíonn ann ar ár son é agus ba bheag an méid feasa nach bhfuaramar ó thús na scéime sin go dtí lár na bliana seo caite. Thaitin sé go mór linn nuair a

rinneadh sa rang é agus cuireadh ina lui orain a mhéid a ba chóir go gcuirfí an bhéim ar Ghaeilge, go mór mór ar oideachas trí mheán na Gaeilge. Deineadh amach le déanaí a iarraidh oraibh-se chun an rud céanna a dhéanamh agus sceálta a scríobh ar na coistí Gaeilge a bhfuil baint acu leis an Chonradh.

Faighimid ábhar Gaeilge in irisí Gaeilge mar 'Ireland's Own,' 'R.N./ An Phoblacht' agus a leithéid ach is maith an rud é nuair atá athrú le fáil. Ag súil go mbeidh an t-ádh linn fágfaimid ar láimh sábhála é agus tá súil againn nach mór an t-iarratas atá ann.

Ní i bhfad ón Chumann seo a chónaím agus is cuimhin liom gur minic a chastaí cairde orm-sa ar a síl dóibh chun freastal ar na ranganna. Agus, leis an fhírinne a rá, níorbh shuim liom an teanga faoin am sin; ach ó's rud é go dtáinig mé isteach i bpríosún 1 '76 músclaíodh an tsuim ionam tar éis ranganna a bheith curtha ar bun i bpríosún Bhéal Feirste fad is bhí mé ar coimhead. I láthair na huaire is mór an tsuim atá agam agus níl teora leis an méid Gaeilge a ba mhaith liom.

Inár dtír féin, idir tuaisceart agus deisceart, tá mórán oibre le déanamh ag eagrais éagsúla chun a gcuspóirí a thabhairt i gcrích ach sa deireadh creidimid i nGluaiseacht na Poblachta. Is cinnte nach n-aontaíonn agus nach n-aontóidh ach an duine leis an saghas feachtais atá ar siúl ag Óglaigh na hÉireann ach sin í an chaoi i gcónaí nuair atá saoirse i gceist. Tá rud amháin cinnte; tá ár gcuspóirí agus ár modhanna againn go léir agus orthu-siúd tá baint eadrainn uile a chinntíonn neart.

A chonác sin oraibh, óna ndéanfaidh sibh maidir leis an teanga agus an cultúr.

Is mise le meas,
PÓL MAC AN BHEATHA,
H-Bloc 6.

“Is fearr Gaeilge Bhriste

Cuireadh go dtí na Blocanna H mé ag deireadh na bliana. Anois, tá áthas orm gur fhoghlaim mé an Ghaeilge. Mar atá a fhios ag gach aon duine tá saol crua anseo againn. Ach níor mhaith liom ach trácht a dhéanamh faoin méid Gaeilge atá ar siúl anseo.

Is deacair a chreidiúint go bhfuil rud ar bith ar siúl anseo, mar go bhfuilimid faoi smacht agus cos ar bolg ag na bairdeirí. Ach ní féidir leo stad a chur lenár gcuid cainte. Is féidir liom scairt amach an fhuinneog agus a bheith ag caint i nGaeilge le mo chairde. Bím sásta toisc nach dtuigeann na bairdeirí focal ar bith.

Chomh maith le sin táim féin agus cúpla fear eile ag múineadh Gaeilge dos na fir óga. Níl leabhar ná faic againn ach bímid ag labhairt i nGaeilge chomh minic agus is féidir linn. Tá fear óg sa chillín in éineacht liom agus is beag nach bhfuil céim an ‘fáinne airgid’ bainte amach aige.

Chíonn sé anois go bhfuil an cultúr an-

tábhachtach. Bhí iontas mór ar a mháthair nuair a d’inis dé di an méid Gaeilge atá aige. Chomh maith le sin bíonn sé ag cur brú ar a chlann féin an Ghaeilge a fhoghlaim.

AN GOBHARNÓIR AGUS AN GHAELIGE


Ní labhraíonn sé i mBéarla leis na bairdeirí in aon chor. Bíonn cúis gáire nuair a thagann an gobharnóir go dtí ár gcillín. Bíonn aghaidh an ghobharnóra anghreannmhar le feiceáil nuair a osclaíonn sé an doras agus muid-ne ag scairteadh i nGaeilge.


ná Béarla cliste i mbéal Gael”

Ní thaitníonn seo leis na bairdeirí eile agus bíonn siad dár mbualadh ach ní féidir leo focal Béarla a bhaint asainn. Is féidir leis na Sasanaigh sinn a mharú - ár gcorp a chur i bpríosún - ach ní féidir leo ár n-intinn a ghabháil. Bíonn na Sasanaigh ag magadh faoi na ‘stupid Paddies.’ Ach tá Sasanaigh istigh anseo a thuig-eann go bhfuil ár dteanga agus ár gcultúr féin againn.

Mar a deirtear - ‘Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste i mbéal Gael.’

le SAOIRSE, H5
AIBREÁN 1978





cuidígí linn

A chairde Gael,

Tigeann an litir seo chugaibh ón phríosún leis an chluí is measa ar fud Mhór-Roinn na hEorpa agus bhéidir sa domhan iarthar, na Blocanna H I gCeis Fhada.

Tá mé ag scríobh i ndóchas go gcluinfeá do ghuth ar ár son i dtaca leis an agóid seo ar a bhfuil beagnach trí bliana curtha isteach agamsa agus ag cuid de mo chairde. An dtig leat cuidiú linn in aon dóigh ar chuir ar bith le cinntiú nach d'oiseoidh ár gceathrú bliain? An gcreidfeá mé nuair a deirim gur dócha nach mairfimid uilig má bhíonn orainn é a dhéanamh?

Níl sláinte mo chomradaithe mar a bhí nuair a thoisigh an t-arró seo. Tá ar gcuid gruaige ag titim amach, tá ár gcuid fiacla b'fada agus go dona agus níl comhartha go bhfuil an agóid ag tarraingt ar dheireadh go fóill.

Níl sa chillín seo anois ach píosa 'sponge' (ar a

dtugtar leaba), trí phluid salacha stróicthe, próca uisce gan chlúdach, pota múin lofa gan chlúdach fosta. Sa chlúid tá bia doibhlasta, do-ite ina luí agus boladh gránna ag teacht uaidh agus na cnuimheanna ag lámhcán amach le snámh sna linnte múin thart fá mo leaba, is na céadta cuileog ag eitilt agus ag súgradh ann. Tá an tocht is na pluideanna tais. Tá cac ar an urlár is na ballaí agus ní féidir anáil d'aer úr a fháil.

Bhí fuinneog sa bhalla ach anois níl ann ach sreang agus 'fibre-glass', ag cur stad le solas, aer agus fuaim na héanlaith a shúgraíodh ar an sconsa lasmuigh den fhuinneog.

Ní théim amach le mo bhéilí a fháil, le siúl timpeall an chlóis nó le aon saghas caitheamh aimsire a dhéanamh.

Cuardaítear mé aon uair a théim amach. Spréitear os cionn scatháin mé agus bualítear mé síos go mbím ar mo ghlúine, ansin cuardaítear


mo thóin is mo chorp.

Mar a tí tú tá píosa den teanga agam. D'fhoghlaim mé féin agus cuid eile againn an teanga sna cásanna nuair a bhíomar i ngéibhinn iontu. Anois is é an t-aon rud amháin atá againn lenár gcuid ciall a shábháil. Táimid ag déanamh ár ndícheall é a scaipeadh idir na buachaillí eile i rith na laethanta fada. Caithimid suim a chur i rud éigin le déanamh cinnte nach dtéimid as ár meabhair. Faraor, tá sé ró-mhall ag beirt chara agam atá imithe as a meabhair mar gheall ar na coinniollacha olca seo. Déarfainn nach mbéadh aonduine againn nár goineadh ar againn nár goineadh a intinn tar éis dó seal fada a chur isteach ar an agóid seo.

Cuidígí linn, a chairde Gael - tá géarghá againn le do ghuth-sa.

Mi Iúil 1979

Séanna Breatnach



Aimsir an Drochshaoil

*"Is beannaithe iad sin ar a mbionn ocras agus tart na córa,
óir sásófar iad"* Matha 5,6)

Ar m'éirí dhom ar maidin
I ngruaim na Ceise Fada
Chualas guth i m' ghoile
Ag screadaigh le péin.
Óis is fíor nár itheas tada
Níor bhlaiseas bia le sealad,
Is a dhaoine cléibh na páirte
Nach trua libh mo scéal?
Na sionnaigh Ghallda i m' thimpeall
Ag scig orm is ag magadh
Is na bairdeirí ag cnagadh
le fonóid ar mo chill.
Ó! a Chríost a d'fhulaing pianpháis
Le Síol Éabha 'lig a shábháil
Tabhair dom aonais do ghrásta
Is cabhraigh liom sa troid.

A Thraolaigh Chaoin Mhic Suibhne
Is a Thomáis Ághas, tá cuimhne
Ar na híobairtí a rinne sibh
Ar son na hÉireann tráth.
Ó guígí an tArd-Mhac
Go dtuga Sé dúinn furtacht
Is an bhua a thabhairt go luath dúinn
Sa dóigh is nach bhfaighimid bás.
A Naomha uile Éireann
Bígí 'guí ar son ár mhuintir'
Atá faoi smacht ag Gallaibh
Le breis is seacht gcéad bliain.
Agus tiocfaidh Lá na Saoirse
Beidh críoch le Réim na Daoirse
Agus scairttidh Gaeil go huaibhreach
I dtír ' bheas Gaelach saor.

Tagaimis i dtarrtháil orthu!



Bobby Sands



Frankie Hughes

MÍ FEABHRA 1980: Litir chuig Gaeilgeoirí Bhéal Feirste

A chairde,

Tigeann an litir seo chugaibh ó na Blocanna H i gCeis Fhada mar a bhfuil mé féin is mo chomrádaithe ar stailc salachair ag iarraidh stádas polaitiúil mar cheart.

I láthair na huairé tá súil againn go gcluinfidh breis daoine ár nglaoch agus go n-éireoidh siad ceangailte leis na heagraíochtaí a bhíonn ag déanamh a seacht ndícheall brú trom a chur ar rialtas na Breataine deireadh a chur leis an anró is cruatan seo sula bhfaigheann duine éigin bás.

An cóir daoibh a rá gur cuma fúinn toisc nach bhfuil bhur ndeartháirí is bhur mic anseo? An n-éireoidh liom a chur ina luí oraibh go bhfuil gá againn le cabhair ó achan duine faoi láthair, ní amháin ónár gclanna is ónár gcairde féin?

An dtaispeánfaidh sibh don phobal is don domhan gur sibhse ceann de na grúpaí nach bhfuil sásta ligean do rialtas na Sasana leanúint ar aghaidh leis an pholasáí seo gan rud ar bith a dhéanamh faoi?

Má shíleann sibh nach fiú é, ansin caithfidh fulaingt níos faide ar lorg ár gcomhartha dóchais le deireadh a chur le seo, go dtige sé sár i bhfad.

**Na Príosúnaigh Phoblachtánacha
Cogaidh,
Ceis Fhada**

MÍ na Nollag 1980: Achainí ar Ghaeilgeoirí na hÉireann

A chairde Gael,

Is annamh a scríobhaim litir chuig duine ar bith agus níl an Ghaeilge agam go sár-mhaith fós ach is in ár dteanga féin deanfaidh mé mo dhícheall ár gcás a mhíniú.

Ag an nóiméad seo tá trí chéad fear is caoga ina luí anseo ag fulaingt a dtig leis na húdaráis a chur ina néadan. Táimid ag fáil bia nach dtabharfadh feirmeoir do mhuca. Bíonn sé fuar i gcónaí agus shílfeá go rabhamar thiar in aimsir an Ghorta. Níl leapacha ar bith againn agus is éigeán dúinn a bheith inár luí ar phíosa ábhar tochta mar leaba. Chomh maith le seo níl againn ach trí phluid le cur os ár gcionn agus iad chomh dona sin nach féidir linn dul a chodladh mar gheall ar an bhfuacht. I lár na hoíche is gnáth leis na coimheadóirí a bheith ag bualadh ar na doirse. Nílimid ceadaithe amach sa chlós le aer úr nó aclaíocht a fháil.

Nuair a mhúsclaímid gach maidin

bíonn uisce agus mún ina luí ar an urlár, agus uaireanta músclaímid i rith na hoíche leis an pluideanna fliuch báite. Ní fhaighimid ach cuairt amháin gach mí agus nuair a chuireann ár ngaolta litreacha chugainn 'cailleadh ar an slí iad' a deir na húdaráis.

Tá trí bliana curtha isteach agamsa féin faoi ghlas i gkillín gan na rudaí atá luaite.

Is féidir a chuidiú má's mian libh. Thiocthadh libh litreacha a chur chuig na nuachtáin agus na hirisí. Téigí go dtí na cruinnithe. Tabharaigí dúinn bhur gcuidiú mar atá a dhith orainn. Go raibh maith agaibh.

Is mise,
SÉAMUS MAC AMHLAIGH,
Bloc h 5.

'Ni shárófar sinn'

Bealtaine '80 Achainí ar Ghaeilgeoirí na hÉireann

A léitheoirí,

Sna Blocanna H faoi láthair istigh i gcillín beag atá mé cónaithe. Thart timpeall orm clúdaítear na ballaí, an t-urlár agus an síleáil le cac. Sa choirnéal luíonn cruach bia. Tá próca uisce is dhá phota múin in aice an bhruscair seo gan chlúdaigh. Gineann seo boladh lofa agus mar gheall ar seo bíonn mothú tinnis ort i gcónaí.

Ní fheicim ach na bairdeirí. Bíim faoi ghlas gan aclaíocht. Ní fhaighim ábhar léite de shaghas ar bith. Ní chluinim ceol ón chraolachán. Tá mé lomnacht ach amháin an phluid a chaithim i mo thimpeall.

Ar fud na h-Bhocanna fulaingimid faoi shlad na mbairdeirí mar a bhaineann siad úsáid as brúidiúlacht mar pholasaí leis an agóid a bhriseadh.

Anuraidh cuireadh i gcosúlacht leis na 'sewer pipes of Calcutta' iad nuair a bhí an tArd-Easpag anseo ar cuairt. Ó shin tá achán rud imithe in olcas agus is imní a bhíonn orainn mar a mhéadaíonn contúirt an bháis gach lá. Cé gur beag duine a shílfeadh gur féidir leithéid na hagóide seo a dhéanamh, tosaíodh é nuair a d'eirigh sé riachtanach dúinn a thaispeánt don tsaol go rabhamar ar agóid le céimíocht pholaitiúil a fháil ar ais mar cheart a bhí tuillte againn de thoradh na staide a mhair, agus a mhaireann, sa Tuaisceart.

I láthair na huair is féidir go bhfuil ár n-éilimh ar an stádas sin neartaithé toisc go bhfuil sé léirithe againn inár bhfulaingt nach coirpigh atá ionainn. Troidimid cath a ghníonn dochar ar mheabhair is ar chorp. Is dorcha an bealach atá os ár gcomhair.

Bíimid faoi ghlas gan suim ar bith ach amháin ár dteanga náisiúnta agus is fíric é go mbeimis as ár meabhair mura mbeadh an tsuim sin againn.....

Cuirim romhaibh nach sárófar sinn



agus mura mbíonn an staid in olcas is ón phobal a chaithfidimid féacháil le cabhair a fháil a chuirfidh deireadh leis an fhulaingt seo. Ar feadh thrí mbliain sheasamar i gcoinne na n-údarás agus rinne ár ndícheall an polasaí 'criminalisation' a scriosadh. Is cuma cad a deireann rialtas na Breataine, ní féidir leo insint dúinn nach bhfuil ionainn ach coirpigh.

Is staid é sa Tuaisceart a gineadh mar gheall ar na Sasanaigh agus ní féidir é a athrú go dtréigeann siad as. Tá mé féin is mo chomrádaithe sna Blocanna H de bharr na staide sin agus is feasach sinn nach coirpigh atá ionainn ach príosúnaigh pholaitiúla. Is é sin an tuige go luímid anseo ag troid ar son ár gcirt; is é an fáth céanna é a gcoinneoidh na fir phluide ar an agóid seo go dtí an deireadh is a chuideoidh linn leanúint ar aghaidh leis an éileamh.

Níl a fhios agam cad atá i ndán dúinn sna laetheanta atá romhainn ach is le cabhair atá gá againn. Tá an comhartha dóchais ionainn go fóill go ndéanfar rud éigin is go neartófar an nasc eadrainn is an pobal le brú a chur ar an rialtas le deireadh a chur le seo anois is go deo.

Is mise le meas,
POBLACHTÁNACH,
Bloc H.



Béascna na nGall ina Meon

Chuir Nuachtán Bhaile Andarsan,
Aibreán 1981

A chairde,

Tá na scórtha de cheachtanna éagsúla foghlamtha agam óna dtáinig mé isteach sna H-Bhlocanna, agus cé gur fiú go mór iad a chomhroinn ar mhuintir mo cheant-

air, cliseann easpa spáis mé. Mar sin de, sa litir ghairid seo, ba mhaith liom géarmhachnamh ar na rudaí a d'fhoghlaim mé i dtaobh teanga agus béascna na nGael.


Is é an príomh-rud gur fhoghlaim mé an chuid Gaeilge seo as a scríobhaim an litir seo féin. Ní raibh focal ar bith agam ar theacht isteach i gcarcair domh agus anois, tréis trí bliana, tá an chuid seo, cé chomh caol agus atá sí bainte amach agam. Is é an scéal céanna ar fud H-Bhlocanna 3, 4, 5, 6 (sin iad Blocanna fir na pluide). D'fhoghlaimíomar faoi dhroch-choinníollacha agus ní raibh aon rud ar bith inár bhfabhar. Ní raibh leabhair nó rud dena leithéid againn, bhímis agus bímid faoi ghlas inár gkillíní, ceithre huair is fiche gach lá, rinne agus níonn na bairdeirí a ndícheall stad a chur leis an teanga (díreach mar a rinne gach aon Ghall ó sheal Eilís a hAon i leith). Lean siad go bríomhar den ghéarleanúint. Ach in ainneoin brúidiúlachta, géarleanúint, droch-choinníollacha agus céad míbhuntaiste eile, d'éirigh thar cionn le hathbheochan na teanga sna blocanna seo.

Sa sciathán seo ina bhfuilim tá sé fear is daichead, agus thig le hochtó céatadán a labhairt as Gaeilge le héifeacht áirithe. Níl ach cúigear nár bhac léi ar bith. Cluintear í i gcónaí anseo agus reachtaítear í i go leor slite. B'é an rud is tábhachtaí is cabharáí dúinn ná an dearcadh ceart a ghiniúint. Ghineamar é le linn na diospóireachta a rinneamar ar ghrascar na hÉireann. Rinneamar staidéar domhain ar gach aon ghné den troid sin. Agus tháinig sé chuig cách nach féidir linn ár sairse a bhaint amach gan leanúint go hiomlán de mhodhanna an Phiarsaigh agus an Chonghalaigh. Ní fiú é ruaigh na nGall as ár dtír má fhágaimid a gcóras eacnamaíochta racmasach. Rialóidís sinn tríd an chóras sin,



agus ní fiú sairse náisiúnta agus eacnamaíochta dúinn má fhágaimid teanga na nGall ar a mbéal ag muintir na tíre seo agus béascna na nGall ina meon acu. Ralódh na Sasanaigh agus racmasaithe sinn trína mbéascna. Má's gá dúinn tábhacht an athbheochain a thabhairt abhaile níl orainn ach féachaint a chaith-eamh ar an tábhacht a chuir na Gaill ar dhíothí ásr mbéascna agus teanga. Na rudaí a choinnigh sinn mar náisiún difriúil, saor agus bróid nárbh fhéidir leo a smachtú choíche. Caithfimid an t-ardsprid sin a mhúscailt i muintir na tíre seo. Caithfimid níos mó béim a chur ar na daoine nach bhfuil focal ar bith den Ghaeilge acu. Is iad na daoine a chaithfimid a scroichint. Tá náisiún le hatógáil againn. Tá a lán gnéithe den troid sin agus gach ceann acu chomh tábhachtach lena chéile. Ná déanaimis dearmad ar aon ghné acu.

Is mise le meas,
AN SIACSACH.



ATHBHEOCHAN


'Chulg Gaeil Bhéal Feirste'

a chara,

Léigh mé le déanaí faoin Roinn Poist agus Teileagrafa sna Sé Chontae Fíchead ag imirt idirdhealú ar fhear a d'iarr foirm iarratais orthu i dtaca le post mar fhear poist. Dhiúltaigh an Roinn foirm i nGaeilge a chur chuig an fhear seo agus é ina Ghaeilgeoir ina chónaí i nGael-tacht Thír Chonaill. Fuarthas an t-alt seo 'faoin tábla' mar a deirtear. Fuair ceann de mo chairde é fad is a bhí sé ar cuairt lena chlann. Táimid ar an bpluid sna Blocanna H i gCeis Fhada agus dá bhrí seo ní fhaighimid leabhair nó nuachtáin, ní amháin i nGaeilge ach i mBéarla chomh maith.

Bhuel, an tuige gur scríobh mé an litir seo: chuir an t-alt sin mé ag smaoin-eamh faoin slí a bhí an teanga Ghaeilge ag dul i bhfeabhas inniu, in ainneoin go bhfuil cuid daoine ag déanamh iarracht chun í a mharú go fóill, ag imirt idirdhealú ar Ghaeilgeoirí ar fud Éireann go léir. Le déanaí cuireadh comharthaí bóthair suas i gCill Uaighe i mBéal Feirste. Bhí na comharthaí i nGaeilge agus rinne na Dílseoirí agóidí ina n-éadan ach lean an tionscnamh ar aghaidh agus tá daoine dóchasach go gcuirfead breis suas sna laetheanta atá romhainn. Is maith an rud é agus is mithid.

Mar is eol d'achan duine tá cogadh saoirse agus cogadh cultúrtha ar siúl sna Sé Chontae inniu. Tá mé agus mo chairde agus comrádaithe sna Blocanna H cionn is go rabhamar páirteach sna cogáil sin. Táimid 'ar an bpluid' chun céimíocht pholaitiúil a bhaint amach. Baineadh an chéimíocht dínn mar iarracht le ainm an choirpigh a chur orainn agus ar an gcogadh. Tá na húdaráis anseo ag déanamh iarracht ar sprid agus ar gcultúr a mharú. Níl cead againn Gaeilge a labhairt ar ár gcuairteanna nó cuirtear stad leo. Níl cead againn litreacha a fháil tríd an gcinsire i nGaeilge. Níl leabhair ar bith againn. Múineann na fir a bhfuil an teanga acu cheana féin do na fir eile i agus cuidíonn altanna agus litreacha



(a gheibheann siad ar na cuairteanna gan fhios do na bairdéirí) leo. Is seirbhísigh na Sasana na húdaráis anseo. B'iad na Sasanaigh a rinne iarracht ar gcultúr agus teanga a mharú. Theip orthu; tá an cogadh ina n-éadan ag dul ar aghaidh; tá an t-idirdhealú á throid go fóill.

Ag an nóiméad seo tá cimi poblachtacha sna Blocanna H ag fáil bháis ar

stailc ocrais. Is é a n-éileamh, agus ár n-éileamh, céimíocht pholaitiúil. Bhíomar uilig páirteach sa chogadh saoirse agus cultúrtha; is é ár gceart é. Thosaigh Roibeárd Ó Seachnasaigh an stailc ocrais ar an chéad lá de Mhí an Mhárta. Is Gaeilgeoir Ífoga Roibeárd agus is aoibhinn leis an teanga agus an cultúr. Bhí sé ina mhúinteoir Gaeilge sna Blocanna sula ndeachaigh sé ar stailc ocrais. Is é cuid den chogadh saoirse agus cultúrtha a chath. Impím ar mhuintir na hÉireann cuidiú le Roibeárd agus lena chomrádaithe atá ag fáil bháis leis ar stailc ocrais. Is cimi polaitiúla iad-san agus na cimi poblachtacha uilig sna Blocanna H agus Ard Mhacha.

Tacaígí lena n-éilimh. Léirígí do rialtas Shasana nach dtig leo ár ndaoine agus ár nósanna a mharú. Ná ligigí do Roibeárd agus dá chomrádaithe bás a fháil. Is Éireannaigh iad-san - is Éireannaigh sibh-se.

Is mise le meas,
PÁDRAIG MAC LIAM,
Cime Poblachtach,
H-Bloc 6, An Cheis Fhada.

Uafáis Bhloc-H

Réamonn Ó Muirigh

Fadhb na síochána, fadhb na bpríosúnach sa Tuaisceart.

Tá sin ráite ag an Sagart Donnchadh Ó Maolfabhail agus agam féin go minic. Aon drochrud a tharlaíonn i bpríosún, bíonn a mhacalla le cluinstitín taobh amuigh. Mura mbíonn rialtas scrúpallach faoi chúrsaí dlí agus cirt, ní bhíonn síocháin ann. Rud eile ar fad smach nó bua. Thug na húdaráis rialtais i dTuaisceart Éireann iarracht a gcoireanna a cheilte le deich mbliana. Drochíde ar phríosúnaigh am imtheoranaithe, cuir i gcás. Is ionann Holywood, Girdwood, Baile Coinnleora, Baile Uí Cheallaigh, an Caisleán Riabhach, agus brúidiúlacht, céasadh agus ciapadh ar phríosúnaigh. Tá foréigean na bhfear paramíleata daortha dá mbéinn i mo thost. Duine ar bith nach dtig leis idirdhealú a dhéanamh agus nach bhfuil sásta a thuigbheáil gur fadhb ann féin foréigean institiúidiúil, níl sé ag cuidiú síocháin a chur chun cinn.

FORÉIGEAN INSTITIÚIDIÚIL

Cuid den fhoréigean institiúidiúil fadhb Bloc H.....

Tá beagnach 3,000 duine i bpríosún i dTuaisceart Éireann ar choireanna polaitiúla. Is Pobliachtánaigh thar 2,000 díobh agus is dílseoirí 800 díobh. Sin as daonra milliún go leith, cóimheas an-ard mar staitistic idirnáisiúnta. Baineann sin le hábhar. Ní mian leis na Breatanaigh fiú a admháil anois go bhfuil géarchéim i dTuaisceart Éireann. Tá siad ag iarraidh fadhbanna ansin a cheilt ar a bpobal féin agus ar an domhan. Sin fáth amháin gur baineadh an stádas polaitiúil de na príosúnaigh 1 1976, stádas a bhain na príosúnaigh Phoblachtánacha amach i 1972 trí stailc ocrais. Anois, tá 363 fear i mBloc H3, H4 agus H5, agus 37 cailín i bpríosún Ard Mhacha ar stailc arís. Ag cur sa chuntas go mbíonn fiche duine idir lucht gaoil agus chairde ag gach príosúnach (i. 3,000) fágann sin go bhfuil 60,000 duine, ar a laghad, faoi imní agus faoi bhuaireamh. Ní féidir scéal rúnda a dhéanamh de chúrsaí príosúin agus a oiread sin daoine míshásta, go háirithe lucht gaoil Bhloc H. Tig na scéalta amach sa deireadh.....



Réamonn Ó Muirigh

CUAIRT AR BHLOC H

Shílfeá go raibh tú faoi thalamh ag dul isteach sa Bhloc duit. Go leor dorchaí ag dul amach ar gach taobh, geataí móra iarainn ar a gcinn, solas mínádúrtha, brící garbha agus péint bhán orthu. Cúig chillín is fiche atá i ngach cliathán, beirt i ngach cillín (cé gur tógadh gach cillín do dhuine amháin), leithreas, proinnseomra. Chuir doras an chillín doras taisceáin i gcuimhne dom, méid mhór ann agus é iontach trom. Osclaítear doras duit ag beirt oifigeach. Tig boladh bréan amach. Éiríonn beirt fhear ó na tochtanna liatha, cuma scáfar orthu go bhfeiceann siad an sagart agus tig aoibh an ghéire orthu ansin. Tá na fir caol tanaí, dath buí ar a ggráiceann, gruaig fhada agus féasóga orthu. Caitheann siad bláincéad nó tuáille thart orthu.....

Is gráin liom na cillíní nua seo atá tógtha i mBloc H. Cófraí. Tá na síleáil-acha ró-íseal. Tá na hurláir choincréide ró-fhuar. Bhí brící na mballaí bán lá den tsaol, ach anois tá siad dubh le cac triomaithe agus bia lofa.....

Tá na fir ar an stailc salachair seo ó Mhí Aibreáin. Dhiúltaigh siad dul amach chun leithris nó bhíodh oifigigh ag déanamh magaidh ar a nochtacht, ag magadh faoina mná, as amharc orthu sa leithreas-leathdhoirse atá ar na bothanna leithris-ag bualadh na bhfear óg, ag déanamh cuardach inmheánach orthu agus iad ag

dul ar agus ag teacht ar ais ó chúirteanna,
ag cur isteach ar a gcuairteoirí, ag baint
litreacha míosa díobh gan míniú.....

FUASCAILT NA FAIDHBE

Ceist. An bhfuil suim ag na Sasanaigh i bhfuascailt na faidhbe? Níl. Ní chluinimid uathu ach focla cruálacha. Nach bhfuil an t-ualach orthu an chéad chéim a ghlacadh? Bhain siad riachtanais choirp agu intinne de na príosúnaigh. Tá a dteaghlach faoi bhrón. Cad chuige nach n-iarrann na Sasanaigh cabhair idirnáisiúnta? Tá an rud seo ag dul ar aghaidh le 30 mí. Na pionóis a thógáil ar an bhomaite agus tá bealach ann ina dhiaidh sin caint a dhéanamh. Dúirt mé cheana go bhfuil ardmheas agam ar na buachaillí agus ar na cailíní seo as a

gcrógacht agus a bhfadfhulaingt. Cé a deir nach bhfuil drochstaid i dTuaisceart Éireann faoi láthair? Cé a deir nach raibh mícheart ar siúl le caoga bliain ann? Nach raibh na daoine bocht i nDoire, i mBéal Feirste, i nDoire Theas, in Ard Mhacha Theas agus in áiteanna eile, iontach foighdeach? Anois, tá idir chléir agus thuath anuas ar na daoine bochta seo. Iadsan a d'fhulaing imtheorannú, dó tithe, céasadh agus dúnmharú. Cad chuige an t-iontas go bhfuil siad briste anois? Díl speisialta i gcúirt speisialta, tar éis ceistiú speisialta. Tá stádas speisialta, stádas polaitiúil, tuillte acu. **Rud polaitiúil gach rud a tharlaíonn i dTuaisceart Éireann.**

Feasta, Mí Feabhra 1979

AN CHOIR INÁR GCOINNE

Suíonn na buachaillí ó mhaidin go hoíche,
Ag fulaingt íde ar nach ndéanfar dearmad
choíche.

Tosaíonn an lá nuair a chluintear an
smaichtín.

Bhead lfreann níl fhearr, is is ann
cinnte a rachainn.

Tá an brachán do-ite is an tae gan teas.
Is cosúil lena bhfuil anseo, níl faic atá
deas.

Tá mo thocht fliuch báite leis an usice
orthu

A chaith na coiméadóirí, is deirtear
drochrud.

Stánaim ar na ballaí i ndóchas nach fíor,
Is go gcríochnófar an bhrionglóid ag
scaoileadh mé saor.

Tá an bruscar lofa is an boladh gránna,
Ní chreidfeá an radharc, ach gan sos
tiontaíonn an fáinne.

Scríob thar an bruth, cuimlítear an
bruthchraiceann,
Is mothaítear an scoradh atá ann ach nach
bhfeicim.

Ní luífidimid faoi easonóir, ní coirpigh
sinne!

Éireannaigh sinne! Sin an choir inár
gcoinne!

AN MHAIDIN

Mhúscaill mé ar maidin mar tháinig an
coiméadóir,

Ag réabadh mo dhorais go trom is gan
labhairt.

Dhearc mé ar na ballaí is shíl mé nach
raibh mé beo.

Títear domh nach n-imeoidh an t-lfreann
seo go deo.

D'oscail an doras is níor druideadh é go
ciúin,

Ach ba chuma ar bith mar nach rabhamar
inár suan.

Chuala mé éan ach ní fhaca mé geal an
lae.

Is mian mór liom go raibh mé go domhain
faoi chré.

Cá bhfuil mo chuimhne ar laethe a
chuaigh romhainn?

Is cá bhfuil an saol a smaoinigh mé a bhí
sa domhan?

Ní chluintear mo bhéic is ní fheictear mar
a rith mo dheoir.

Nuair a thigeann an lá, monuar,
athíocfaidh mé iad go mór!

Roiibeárd Ó Seachnasaigh



AR AN TSIÚL IN ÉADAN NA MBLOC H MALLAITHE
Thuas: *oige Dhoire* Thíos: *'Gaeil Bhéal Feirste'*

